



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Meitheamh 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0170(NLE)

10136/23
ADD 1

JUSTCIV 81
JAI 772
FREMP 174

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	1 Meitheamh 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 281 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear na Ballstáit le bheith ina bpáirtithe nó le leanúint de bheith ina bpáirtithe, chun leasa an Aontais Eorpaí, i gCoinbhinsiún an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 281 final.

Faoi iamh: COM(2023) 281 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.5.2023
COM(2023) 281 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle

lena n-údaraítear na Ballstáit le bheith ina bpáirtithe nó le leanúint de bheith ina bpáirtithe, chun leasa an Aontais Eorpaí, i gCoinbhinsiún an 13 Eanáir 2000 maidir le Cosaint Idirnáisiúnta Daoine Fásta

IARSCRÍBHINN
AN COINBHINSIÚN MAIDIR LE COSAINT IDIRNÁISIÚNTA
DAOINE FÁSTA

(Arna thabhairt i gcrích an 13 Eanáir 2000)

Tá na Stáit a shínigh an Coinbhinsiún seo,
De bhrí gur gá go ndéantar foráil maidir le daoine fásta a chosaint i staideanna idirnáisiúnta nach bhfuil in ann, mar gheall ar a gcuid cumais phearsanta a bheith lagaithe nó neamhdhóthanach, a leasanna a chosaint,
Ós mian leo coinbhleachtaí a sheachaint idir a gcórais dlí i ndáil le dlínse, an dlí is infheidhme, aitheantas agus forfheidhmiú beart chun daoine fásta a chosaint,
Ag meabhrú dóibh a thábhachtaí atá comhar idirnáisiúnta chun daoine fásta a chosaint,
Ag dearbhu dóibh gur ceart tús áite a thabhairt do leasanna an duine fhásta agus don urraim dá dhínit agus dá neamhspleáchas,
Tar éis comhaontú ar na forálacha seo a leanas –

CAIBIDIL I – RAON FEIDHME AN CHOINBHINSIÚIN

Airteagal 1

- (1) Tá feidhm ag an gCoinbhinsiún seo maidir le daoine fásta a chosaint i staideanna idirnáisiúnta nach bhfuil in ann, mar gheall ar a gcuid cumais phearsanta a bheith lagaithe nó neamhdhóthanach, a leasanna a chosaint.
- (2) Is é is cuspóir don Choinbhinsiún –
 - a) cinneadh a dhéanamh maidir leis an Stát a bhfuil dlínse ag a údaráis bearta a dhéanamh arb é is aidhm dóibh an duine fásta nó maoin an duine fhásta a chosaint;
 - b) cinneadh a dhéanamh maidir leis an dlí a chuirfidh na húdaráis sin chun feidhme agus a ndlínse á bhfeidhmiú acu;
 - c) cinneadh a dhéanamh maidir leis an dlí is infheidhme maidir le hionadaíocht an duine fhásta;
 - d) foráil a dhéanamh maidir le haitheantas agus forfheidhmiú beart cosanta den sórt sin i ngach Stát Conarthach;
 - e) cibé comhoibriú a bhunú idir údaráis na Stát Conarthach is gá chun cuspóirí an Choinbhinsiúin seo a bhaint amach.

Airteagal 2

- (1) Chun críocha an Choinbhinsiúin seo, is duine fásta é duine a bhfuil 18 mbliana d'aois slánaithe aige.
- (2) Tá feidhm ag an gCoinbhinsiún freisin maidir le bearta i leith duine fásta nach raibh 18 mbliana d'aois slánaithe aige tráth a rinneadh na bearta.

Airteagal 3

Na bearta dá dtagraítear in Airteagal 1, féadfaidh siad déileáil go háirithe leis na nithe seo a leanas –

- a) a chinneadh an bhfuil an duine fásta faoi éagumas agus córas cosantach a chur ar bun;
- b) an duine fásta a chur faoi chosaint údaráis bhreithiúnaigh nó riaracháin;
- c) caomhnóireacht, coimircíocht agus institiúidí den chineál céanna;
- d) ainmniú agus feidhmeanna duine ar bith nó comhlacht ar bith a mbeidh an duine fásta féin nó maoín an duine fhásta faoina cheannas, agus a dhéanfaidh ionadaíocht ar an duine fásta nó a chabhróidh leis;
- e) an duine fásta a chur i mbunaíocht nó in áit eile inar féidir cosaint a sholáthar;
- f) maoín an duine fhásta a riar, a chaomhnú nó a dhiúscairt;
- g) idirghabháil shonrach a údarú chun an duine fásta nó maoín an duine fhásta a chosaint.

Airteagal 4

(1) Níl feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir leis na nithe seo a leanas –

- a) oibleagáidí cothabhála;
- b) pósadh nó aon ghaol comhchosúil, chomh maith le hidirscaradh dlíthiúil, a fhoirmiú, a neamhniú agus a scaoileadh;
- c) córais mhaoine i ndáil le pósadh nó aon ghaol dá samhail;
- d) iontaobhais nó comharbas;
- e) slándáil shóisialta;
- f) bearta poiblí de chineál ginearálta i gcúrsaí sláinte;
- g) bearta a dhéantar i leith duine mar thoradh ar chionta pionósacha a rinne an duine sin;
- h) cinntí maidir leis an gceart chun tearmainn agus maidir le hinimirce;
- i) bearta atá dírithe ar shábháilteacht an phobail amháin.

(2) Ní dhéanann mír 1 difear, i leith na nithe dá dtagraítear inti, do theideal duine chun gníomhú mar ionadaí an duine fhásta.

CAIBIDIL II – DLÍNSE

Airteagal 5

- (1) Tá dlínse ag údaráis bhreithiúnacha nó riaracháin an Stáit Chonarthaigh ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine fásta bearta a dhéanamh a bheidh dírithe ar chosaint an duine fhásta féin nó ar chosaint mhaoín an duine fhásta.
- (2) I gcás ina n-aistreoidh an duine fásta a áit ghnáthchónaithe go Stát Conarthach eile, tá dlínse ag údaráis an Stáit ina mbeidh gnáthchónaí ar an duine sin.

Airteagal 6

- (1) I gcás daoine fásta ar dídeanaithe iad agus i gcás daoine fásta atá easáitithe i dtír eile de dheasca suaitheadh ina dtír féin, is ag údaráis an Stáit Chonarthaigh atá an dlínse dá bhforáiltear in Airteagal 5, mír 1, an stát a bhfuil na daoine fásta sin ar a chríoch mar gheall ar a n-easáitiú.

- (2) Tá feidhm ag forálacha na míre roimhe seo freisin maidir le daoine fásta nach féidir gnáthchónaí a shuí.

Airteagal 7

- (1) Ach amháin i gcás daoine fásta ar dídeanaithe iad nó atá, de dheasca suaitheadh i Stát a náisiúntachta, easáitithe i dtír eile, is ag údaráis an Stáit Chonarthaigh ar náisiúnach de an duine fásta atá an dlínse bearta a dhéanamh chun duine nó maoin an duine fhásta a chosaint má mheasann na húdaráis gur fearr is féidir leo leasanna an duine fhásta a mheasúnú, agus tar éis comhairle a chur ar na húdaráis a bhfuil dlínse acu faoi Airteagail 5 nó 6, mír 2.
- (2) Ní fheidhmeofar an dlínse sin más rud é go bhfuil na húdaráis a bhfuil dlínse acu faoi Airteagal 5, Airteagal 6, mír 2, nó Airteagal 8 tar éis údaráis an Stáit ar náisiúnach de an duine fásta a chur ar an eolas go bhfuil na bearta is gá de réir na staide déanta acu nó más rud é gur chinn siad nár cheart aon bheart a dhéanamh nó go bhfuil imeachtaí ar feitheamh.
- (3) Rachaidh na bearta a dhéanfar faoi mhír 1 in éag a luaithe a bheidh na bearta is gá de réir na staide déanta ag na húdaráis a bhfuil dlínse acu faoi Airteagal 5, Airteagal 6, mír 2, nó Airteagal 8 nó a luaithe a chinnfidh siad nach ndéanfar aon bheart. Dá réir sin, cuirfidh na húdaráis sin na húdaráis sin a rinne bearta ar an eolas i gcomhréir le mír 1.

Airteagal 8

- (1) Údaráis Stáit Chonarthaigh a bhfuil dlínse acu faoi Airteagail 5 nó 6, más rud é go measann siad gur chun leasa an duine fhásta é, féadfaidh siad, uathu féin nó ar iarratas ó údarás Stáit Chonarthaigh eile, a iarraidh ar údaráis cheann de na Stáit a luaitear i mír 2 bearta a dhéanamh chun an duine nó maoin an duine fhásta a chosaint. D'fhéadfadh baint a bheith ag an iarraidh le gach gné den chosaint sin nó le roinnt gnéithe di.
- (2) Is iad na Stáit Chonarthacha a bhféadfar dul i dteagmháil lena n-údaráis mar a fhoráiltear sa mhír sin roimhe seo –
- a) Stát ar náisiúnach de an duine fásta;
 - b) an Stát ina raibh gnáthchónaí ar an duine fásta roimhe sin;
 - c) Stát ina bhfuil maoin an duine fhásta suite;
 - d) an Stát ar roghnaigh an duine fásta a údaráis i scríbhinn chun bearta a dhéanamh a bheidh dírithe ar a chosaint;
 - e) an Stát ina bhfuil gnáthchónaí ar dhuine atá gar don duine fásta agus atá toilteanach a chosaint a ghabháil de láimh;
 - f) an Stát ar ar a chríoch atá an duine fásta, maidir le cosaint an duine fhásta.
- (3) I gcás nach nglacfaidh an t-údarás arna ainmniú de bhun na míreanna roimhe seo lena dhlinse, coinneoidh údaráis an Stáit Chonarthaigh a bhfuil dlínse acu faoi Airteagail 5 nó 6 an dlínse.

Airteagal 9

Tá dlínse ag údaráis Stáit Chonarthaigh ina bhfuil maoin an duine fhásta chun bearta cosanta a dhéanamh maidir leis an maoin sin, a mhéid a bheidh na bearta sin ag luí leis na bearta a bheidh glactha ag na húdaráis a bhfuil dlínse acu faoi Airteagail 5 go 8.

Airteagal 10

- (1) I ngach cás práinne, tá dlínse ag údaráis aon Stáit Chonarthaigh ar ar a chríoch atá an duine fásta nó maoin de chuid an duine fhásta aon bheart cosanta is gá a dhéanamh.
- (2) I gcás na mbeart a dhéanfar faoin mír roimhe seo maidir le duine fásta a bhfuil gnáthchónaí air i Stát Conarthach, rachaidh siad in éag a luaithe a bheidh na bearta is gá de réir na staide déanta ag na húdaráis a bhfuil dlínse acu faoi Airteagail 5 go 9.
- (3) I gcás na mbeart a dhéanfar faoi mhír 1 maidir le duine fásta a bhfuil gnáthchónaí air i Stát nach Stát conarthach é, rachaidh siad in éag i ngach Stát Conarthach a luaithe a aithneofar na bearta is gá de réir na staide agus a bheidh déanta ag údaráis Stáit eile sa Stát Conarthach a bheidh i gceist.
- (4) Cuirfidh na húdaráis a rinne bearta faoi mhír 1, más féidir, údaráis an Stáit Chonarthaigh ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine fásta ar an eolas faoi na bearta a rinneadh.

Airteagal 11

- (1) Ar bhonn eisceachta, tá dlínse ag údaráis Stáit Chonarthaigh ar ar a chríoch atá an duine fásta bearta de chineál sealadach a dhéanamh chun an duine fásta a chosaint, ar bearta iad a bhfuil éifeacht chríochach acu atá teoranta don Stát i gceist, a mhéid atá na bearta sin ag luí leis na bearta atá déanta cheana féin ag na húdaráis a bhfuil dlínse acu faoi Airteagail 5 go 8, agus tar éis comhairle a thabhairt do na húdaráis a bhfuil dlínse acu faoi Airteagal 5.
- (2) I gcás na mbeart a dhéanfar faoin mír roimhe seo maidir le duine fásta a bhfuil gnáthchónaí air i Stát Conarthach, rachaidh siad in éag a luaithe a dhéanfaidh na húdaráis a bhfuil dlínse acu faoi Airteagail 5 go 8 cinneadh i leith na mbeart cosanta a d'fhéadfadh gá a bheith leo de réir na staide.

Airteagal 12

Faoi réir Airteagal 7, mír 3, beidh na bearta a rinneadh i gcur i bhfeidhm Airteagail 5 go 9 fós i bhfeidhm de réir a dtéarmaí, fiú más rud é gur chuir athrú ar na himthosca deireadh leis an mbunús ar a raibh an dlínse bunaithe, a fhad agus nach ndearna údaráis a bhfuil dlínse acu faoin gCoinbhinsiún na bearta sin a mhodhnú, bearta eile a chur in ionad na mbeart sin ná na bearta sin a fhoirceannadh.

CAIBIDIL III - AN DLÍ IS INFHEIDHME

Airteagal 13

- (1) I bhfeidhmiú a ndlínse faoi fhorálacha Chaibidil II, cuirfidh údaráis na Stát Conarthach a ndlí féin chun feidhme.
- (2) A mhéid is gá chun an duine fásta nó maoin an duine fhásta a chosaint, áfach, féadfaidh siad dlí Stáit eile a bhfuil nasc substaintiúil ag an staid leis a chur i bhfeidhm nó a chur san áireamh go heisceachtúil.

Airteagal 14

I gcás beart a rinneadh i Stát Conarthach amháin a bheith á chur chun feidhme i Stát Conarthach eile, beidh coinníollacha a chur chun feidhme faoi rialú ag dlí an Stáit eile sin.

Airteagal 15

- (1) Maidir le cumhachtaí ionadaíochta arna ndeonú ag duine fásta, faoi chomhaontú nó trí ghníomh aontaobhach, a bheith ann, le raon na gcumhachtaí sin, lena modhnú agus le deireadh a chur leo, ar cumhachtaí iad atá le feidhmiú nuair nach bhfuil an duine fásta sin in ann a leasanna a chosaint, beidh siad faoi rialú ag dlí an Stáit ina bhfuil gnáthchónaí ar an duine fásta tráth an chomhaontaithe nó an ghnímh, mura rud é gur ainmníodh go sainráite i scríbhinn ceann de na dlíthe a luaitear i mír 2.
- (2) Is iad seo a leanas na Stáit a bhféadfadh a ndlíthe a ainmniú –
 - a) Stát ar náisiúnach de an duine fásta;
 - b) an Stát ina raibh gnáthchónaí ar an duine fásta roimhe sin;
 - c) Stát ina bhfuil maoín an duine fhásta suite, i ndáil leis an maoín sin.
- (3) Tá an modh a bhfeidhmeofar na cumhachtaí ionadaíochta sin faoi rialú dhlí an Stáit ina bhfeidhmeofar iad.

Airteagal 16

I gcás nach ndéantar na cumhachtaí ionadaíochta dá dtagraítear in Airteagal 15 a fheidhmiú ar shlí atá leordhóthanach chun cosaint an duine fhásta nó mhaoín an duine fhásta a ráthú, féadfadh iad a tharraingt siar nó a mhodhnú le bearta arna ndéanamh ag údarás a bhfuil dlínse aige faoin gCoinbhinsiún. I gcás ina ndéantar cumhachtaí ionadaíochta den sórt sin a tharraingt siar nó a mhodhnú, ba cheart an dlí dá dtagraítear in Airteagal 15 a chur san áireamh a mhéid is féidir.

Airteagal 17

- (1) Ní féidir cur i gcoinne bailíocht idirbhirt a rinneadh idir tríú páirtí agus duine eile a bheadh i dteideal gníomhú mar ionadaí an duine fhásta faoi dhlí an Stáit inar tugadh an t-idirbheart i gcrích, agus ní féidir an tríú páirtí a chur faoi dhliteanas, ar an aon fhoras amháin nach raibh an duine eile i dteideal gníomhú mar ionadaí an duine fhásta faoin dlí a ainmnítear le forálacha na Caibidle seo, mura rud é go raibh a fhios ag an tríú páirtí go raibh an acmhainn sin á rialú ag an dlí réamhluaite, nó gur cheart gurbh eol dó é sin.
- (2) Ní bheidh feidhm ag an mír sin roimhe seo ach amháin i gcás ina ndearnadh an t-idirbheart idir daoine a bhí ar chríoch an Stáit chéanna.

Airteagal 18

Beidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo fiú más é an dlí a ainmnítear leis na forálacha é an dlí de chuid Stát nach Stát conarthach é.

Airteagal 19

Sa Chaibidil seo, ciallaíonn an téarma ‘dlí’ an dlí atá i bhfeidhm i Stát seachas a rogha rialacha dlí.

Airteagal 20

Ní chuireann an Chaibidil seo cosc ar chur i bhfeidhm na bhforálacha sin de dhlí an Stáit ina bhfuil an duine fásta le cosaint i gcás ina bhfuil cur i bhfeidhm na bhforálacha sin sainordaitheach cibé dlí a bheadh infheidhme murach sin.

Airteagal 21

Ní féidir cur i bhfeidhm an dlí a ainmnítear le forálacha na Caibidle seo a dhiúltú ach amháin más léir go mbeadh an t-iarraitas sin contrártha go follasach leis an mbeartas poiblí.

CAIBIDIL IV – AITHEANTAS AGUS FORFHEIDHMIÚ

Airteagal 22

- (1) Déanfar na bearta a dhéanfaidh údaráis Stáit Chonarthaigh a aithint trí oibriú dlí i ngach Stát Conarthach eile.
- (2) Féadfar aitheantas a dhiúltú, áfach –
 - a) más beart é a rinne údarás nach raibh a dhlínse bunaithe ar cheann de na forais dá bhforáiltear i bhforálacha Chaibidil II, nó nach raibh sí i gcomhréir leis;
 - b) más rud é go ndearnadh an beart, ach amháin i gcás práinne, i gcomhthéacs imeacht breithiúnach nó riaracháin, gan an deis a bheith tugtha don duine fásta éisteacht a fháil, de shárú ar phrionsabail bhunúsacha nós imeachta an Stáit iarrtha;
 - c) más léir go bhfuil an t-aitheantas sin contrártha go follasach le beartas poiblí an Stáit iarrtha, nó más rud é go bhfuil sé ar neamhréir le foráil de dhlí an Stáit sin atá sainordaitheach, is cuma cén dlí a bheadh infheidhme murach sin;
 - d) más rud é go bhfuil an beart ar neamhréir le beart a glacadh níos déanaí i Stát nach Stát conarthach é a mbeadh dlínse aige faoi Airteagail 5 go 9, i gcás ina gcomhlíonann an beart a glacadh níos déanaí na ceanglais le haghaidh aitheantais sa Stát iarrtha;
 - e) mura gcomhlíontar an nós imeachta a fhoráiltear in Airteagal 33.

Airteagal 23

Gan dochar d’Airteagal 22, mír 1, féadfaidh aon duine leasmhar a iarraidh ar údaráis inniúla Stáit Chonarthaigh a chinneadh beart a rinneadh i Stát Conarthach eile a aithint nó gan é a aithint. Tá an nós imeachta á rialú ag dlí an Stáit iarrtha.

Airteagal 24

Tá údarás an Stáit iarrtha faoi cheangal ag na cinntí fíorais ar ar a mbonn a bhunaigh údarás an Stáit ina ndearnadh an beart a dhlínse.

Airteagal 25

- (1) I gcás go ndéanfar bearta i Stát Conarthach amháin agus go mbeidh siad infhorfheidhmithe ann, bearta nach foláir iad a fhorfheidhmiú i Stát Conarthach eile, dearbhófar, arna iarraidh sin do pháirtí leasmhar, iad a bheith infhorfheidhmithe nó cláraithe chun críche forfheidhmiúcháin sa Stát eile sin de réir an nós imeachta dá bhforáiltear i ndlí an Stáit eile sin.
- (2) Déanfaidh gach Stát Conarthach nós imeachta simplí gasta a chur i bhfeidhm ar an dearbhú infhorfheidhmitheachta nó ar an dearbhú clárúcháin.
- (3) Ní fhéadfar an dearbhú infhorfheidhmitheachta nó an dearbhú clárúcháin a dhiúltú ach amháin ar cheann de na cúiseanna a leagtar amach in Airteagal 22, mír 2.

Airteagal 26

Gan dochar d'athbhreithniú den sórt sin mar is gá i gcur i bhfeidhm na nAirteagal roimhe seo, ní dhéanfar aon athbhreithniú ar thuillteanais an bhirt a rinneadh.

Airteagal 27

Déanfar bearta a rinneadh i Stát Conarthach amháin agus a dhearbhaítear a bheith infhorfheidhmithe, nó a cláraíodh chun críche forfheidhmiúcháin, i Stát Conarthach eile a fhorfheidhmiú sa Stát sin amhail is dá mba iad údaráis an Stáit sin a rinne iad. Déantar forfheidhmiú i gcomhréir le dlí an Stáit iarrtha a mhéid a fhoráiltear leis an dlí sin.

CAIBIDIL V – COMHAR

Airteagal 28

- (1) Déanfaidh gach Stát Conarthach Údarás Lárnach a ainmniú chun na dualgais a fhorchuirtear ar údaráis den sórt sin leis an gCoinbhinsiún seo a chomhlíonadh.
- (2) I gcás Stáit chónaidhme, Stáit a bhfuil níos mó ná córas dlí amháin acu nó Stáit ina bhfuil aonaid chríochacha fhéinrialaithe, beidh an tsaoirse acu níos mó ná Údarás Lárnach amháin a cheapadh agus fairsinge chríochach nó phearsanta a gcuid feidhmeanna a shonrú. I gcás ina bhfuil níos mó ná Údarás Lárnach amháin ceaptha ag Stát, ainmneoidh sé an tÚdarás Lárnach a bhféadfar aon chumarsáid a sheoladh chuige, cumarsáid le tarchur chuig an Údarás Lárnach iomchuí laistigh den Stát sin.

Airteagal 29

- (1) Comhoibreoidh Údaráis Lárnacha le chéile agus cuirfidh siad comhar chun cinn i measc na n-údarás inniúil ina Stáit chun cuspóirí an Choinbhinsiúin a bhaint amach.

- (2) Déanfaidh siad, i dtaca le cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin, bearta iomchuí chun faisnéis a chur ar fáil maidir le dlíthe a Stát, agus maidir le seirbhísí atá ar fáil sna Stáit sin, a bhaineann le daoine fásta a chosaint.

Airteagal 30

Déanfaidh Údarás Lárnach Stáit Chonarthaigh, go díreach nó trí údaráis phoiblí nó trí chomhlachtaí eile, gach beart iomchuí chun an méid seo a leanas a dhéanamh –

- a) cumarsáid a éascú, ar gach modh, idir na húdaráis inniúla i gcásanna a bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir leo;
- b) cúnamh a thabhairt, ar iarraidh ó údarás inniúil de chuid Stáit Chonarthaigh eile, chun a fháil amach cá bhfuil duine fásta i gcás ina ndealraíonn sé go bhféadfadh an duine fásta a bheith laistigh de chríoch an Stáit iarrtha agus go bhfuil cosaint de dhíth air laistigh den chríoch sin.

Airteagal 31

Féadfaidh údaráis inniúla Stáit Chonarthaigh spreagadh a thabhairt, go díreach nó trí chomhlachtaí eile, i ndáil le hidirghabháil, idir-réiteach nó modhanna dá samhail a úsáid chun réitigh chomhaontaithe a bhaint amach ar mhaithe leis an duine fásta féin nó maoin an duine fhásta a chosaint i gcásanna a bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir leo.

Airteagal 32

- (1) I gcás ina mbeartófar beart cosanta a dhéanamh, féadfaidh na húdaráis inniúla faoin gCoinbhinsiún, má éilítear le staid an duine fhásta é, a iarraidh ar aon údarás de chuid Stáit Chonarthaigh eile ag a bhfuil faisnéis iomchuí maidir le cosaint an duine fhásta an fhaisnéis sin a thabhairt.
- (2) Féadfaidh Stát Conarthach a dhearbhu gur trína Údarás Lárnach amháin a chuirfear iarrataí faoi mhír 1 in iúl dá údaráis.
- (3) Féadfaidh údaráis inniúla Stáit Chonarthaigh a iarraidh ar údaráis Stáit Chonarthaigh eile cabhrú le bearta cosanta arna ndéanamh faoin gCoinbhinsiún seo a chur chun feidhme.

Airteagal 33

- (1) Má bheartaíonn údarás a bhfuil dlínse aige faoi Airteagail 5 go 8 an duine fásta a chur i mbunaiócht nó in áit eile inar féidir cosaint a chur ar fáil, agus más rud é go suífean an duine fásta i Stát Conarthach eile, rachaidh an t-údarás i gcomhairle leis an Údarás Lárnach ar dtús nó le húdarás inniúil eile an Stáit réamhluaite. Chuige sin, tarchuirfidh sé tuarascáil ar an duine fásta mar aon leis na cúiseanna atá leis an socrúchán atá beartaithe.
- (2) Ní fhéadfar an cinneadh maidir leis an socrúchán a dhéanamh sa Stát iarrtha más rud é go léiríonn an tÚdarás Lárnach nó údarás inniúil eile de chuid an Stáit iarrtha go bhfuil sé ag cur ina choinne laistigh de thréimhse réasúnach ama.

Airteagal 34

In aon chás ina mbeidh an duine fásta i mbaol tromchúiseach, déanfaidh údaráis inniúla an Stáit Chonarthaigh ina ndearnadh bearta chun an duine fásta a chosaint nó ina bhfuil siad á mbreithniú, más rud é go gcuirtear in iúl dóibh gur aistríodh áit chónaithe an duine fhásta go dtí Stát eile, nó go bhfuil an duine fásta i Stát eile, an baol a bheidh i gceist a chur in iúl d'údaráis an Stáit eile sin agus na bearta a rinneadh nó atá á mbreithniú a chur in iúl dóibh chomh maith.

Airteagal 35

Ní iarrfaidh údarás aon fhaisnéis faoin gCaibidil seo ná ní tharchuirfidh aon fhaisnéis den sórt sin más rud é, dá ndéanfaí amhlaidh, gur dóigh leis, ina thuairim, go gcuirfeadh sé an duine fásta nó maoin an duine fhásta i mbaol, nó gur bagairt thromchúiseach é ar shaoirse nó ar shaol duine de theaghlach an duine fhásta.

Airteagal 36

- (1) Gan dochar don fhéidearthacht muirir réasúnacha a fhorchur as seirbhísí a sholáthar, is iad na hÚdaráis Lárnacha agus na húdaráis phoiblí eile de chuid Stát Conarthach a íocfaidh a gcostais féin agus forálacha na Caibidle seo á gcur i bhfeidhm.
- (2) Féadfaidh aon Stát Conarthach comhaontuithe a dhéanamh le Stát Conarthach amháin eile nó níos mó maidir le muirir a leithdháileadh.

Airteagal 37

Féadfaidh aon Stát Conarthach comhaontuithe a dhéanamh le Stát Conarthach amháin eile nó níos mó d'fhonn cur i bhfeidhm na Caibidle seo ina gcaidreamh frithpháirteach a fheabhsú. Cuirfidh na Stáit a mbeidh comhaontú den sórt sin tugtha i gcrích acu cóip chuig taiscí an Choinbhinsiúin.

CAIBIDIL VI – FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 38

- (1) Féadfaidh údaráis an Stáit Chonarthaigh ina ndearnadh beart cosanta nó ina ndaingnítear cumhacht ionadaíochta deimhniú a sheachadadh ar an duine a bhfuil cosaint an duine fhásta féin nó cosaint mhaoin an duine fhásta curtha de chúram air, arna iarraidh sin orthu, ar deimhniú é ina léireofar an cháil ina bhfuil an duine sin i dteideal gníomhú agus na cumhachtaí a tugadh.
- (2) Toimhdeofar an cháil agus na cumhachtaí a luaitear sa deimhniú a bheith dílsithe don duine sin ó dháta an deimhnithe, in éagmais cruthúnas ar a mhalairt.
- (3) Ainmneoidh gach Stát Conarthach na húdaráis a bheidh inniúil chun an deimhniú a dhréachtú.

Airteagal 39

Ní úsáidfear sonraí pearsanta a bhailítear nó a tharchuirtear faoin gCoinbhinsiún ach amháin chun na gcríoch sin ar bailíodh nó ar tarchuireadh iad.

Airteagal 40

Déanfaidh na húdaráis a dtarchuirfear faisnéis chucu a rúndacht a áirithiú, de réir dhlí a Stáit.

Airteagal 41

Beidh gach doiciméad a chuirfear ar aghaidh nó a sheachadfar faoin gCoinbhinsiún seo díolmhaithe ó dhlísteaú nó ó aon fhoirmiúlacht den chineál céanna.

Airteagal 42

Féadfaidh gach Stát Conarthach na húdaráis a ainmniú a mbeidh iarrataí faoi Airteagal 8 agus Airteagal 33 le seoladh chucu.

Airteagal 43

- (1) Cuirfear na hainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagail 28 agus 42 in iúl do Bhiúró Buan Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach tráth nach déanaí ná an dáta a thaiscfear ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó fhormheasa an Choinbhinsiúin nó aontachas leis. Cuirfear aon mhodhnú air sin in iúl don Bhiúró Buan freisin.
- (2) Is le taiscí an Choinbhinsiúin a chuirfear an dearbhú dá dtagraítear i mír 2 d'Airteagal 32.

Airteagal 44

I gcás Stát Conarthach ina bhfuil feidhm ag córais dlí éagsúla nó ag tacair éagsúla rialacha dlí maidir le cosaint an duine fhásta nó cosaint mhaoín an duine fhásta, ní bheidh de cheangal air rialacha an Choinbhinsiúin a chur i bhfeidhm maidir le heasaontachtaí idir na córais éagsúla sin nó na tacair éagsúla rialacha dlí, agus maidir leo sin amháin.

Airteagal 45

I ndáil le Stát ina bhfuil feidhm in aonaid chríochacha éagsúla ag dhá chóras dlí nó níos mó nó ag dhá shraith rialacha dlí nó níos mó maidir le haon ní a ndéileáiltear leis sa Choinbhinsiún seo –

- a) déanfar aon tagairt do ghnáthchónaí sa Stát sin a fhorléiriú mar thagairt do ghnáthchónaí in aonad críochach;
- b) déanfar aon tagairt don duine fásta a bheith sa Stát sin a fhorléiriú mar thagairt do láithreachtaí in aonad críochach;

- c) déanfar aon tagairt do shuíomh mhaoín an duine fhásta sa Stát sin a fhorléiriú mar thagairt do shuíomh mhaoín an duine fhásta in aonad críochach;
- d) déanfar aon tagairt don Stát ar náisiúnach de an duine fásta a fhorléiriú mar thagairt don aonad críche arna ainmniú ag dlí an Stáit sin nó, in éagmais rialacha iomchuí, don aonad críochach a bhfuil an nasc is dlúithe ag an duine fásta leis;
- e) déanfar aon tagairt don Stát ar roghnaigh an duine fásta a údaráis a fhorléiriú
 - mar thagairt don aonad críochach más rud é gur roghnaigh an duine fásta údaráis an aonaid chríochaigh sin;
 - mar thagairt don aonad críochach a bhfuil an nasc is dlúithe ag an duine fásta leis más rud é gur roghnaigh an duine fásta údaráis an Stáit gan aonad críochach ar leith laistigh den Stát a shonrú;
- f) déanfar aon tagairt do dhlí Stáit a bhfuil nasc substaintiúil ag an staid leis a fhorléiriú mar thagairt do dhlí aonaid chríochaigh a bhfuil nasc substaintiúil ag an staid leis;
- g) déanfar aon tagairt do dhlí nó do nós imeachta nó d'údarás an Stáit ina ndearnadh beart a fhorléiriú mar thagairt don dlí nó don nós imeachta atá i bhfeidhm san aonad críochach sin nó san údarás sin de chuid an aonaid chríochaigh ina ndearnadh an beart sin;
- h) déanfar aon tagairt do dhlí nó do nós imeachta nó d'údarás an Stáit iarrtha a fhorléiriú mar thagairt don dlí nó don nós imeachta atá i bhfeidhm san aonad críochach sin nó san údarás sin de chuid an aonaid chríochaigh ina n-iarrtar an t-aitheantas nó an forfheidhmiú;
- i) déanfar aon tagairt don Stát ina bhfuil beart cosanta le cur chun feidhme a fhorléiriú mar thagairt don aonad críochach ina bhfuil an beart le cur chun feidhme;
- j) déanfar aon tagairt do chomhlachtaí nó d'údaráis an Stáit sin, seachas Údaráis Lárnacha, a fhorléiriú mar thagairt do na húdaráis sin atá údaraithe chun gníomhú san aonad críochach ábhartha.

Airteagal 46

Chun an dlí is infheidhme faoi Chaibidil III a aithint, i ndáil le Stát ina bhfuil dhá aonad chríochacha nó níos mó a bhfuil a chóras dlí féin nó a thacar rialacha dlí féin ag gach aonad díobh maidir le hábhair a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún seo, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas –

- a) más rud é go bhfuil rialacha i bhfeidhm i Stát den sórt sin ina sainithnítear cé acu dlí aonaid chríochaigh is infheidhme, beidh feidhm ag dlí an aonaid sin;
- b) in éagmais rialacha den sórt sin, beidh feidhm ag dlí an aonaid chríochaigh ábhartha mar a shainmhínítear in Airteagal 45 é.

Airteagal 47

Chun an dlí is infheidhme faoi Chaibidil III a aithint, i ndáil le Stát a bhfuil dhá chóras dlí féin nó níos mó aige nó tacair rialacha dlí is infheidhme maidir le catagóirí éagsúla daoine maidir le hábhair a chumhdaítear leis an gCoinbhinsiún seo, beidh feidhm ag na rialacha seo a leanas –

- a) más rud é go bhfuil rialacha i bhfeidhm i Stát den sórt sin ina sainithnítear cé acu dlí is infheidhme, beidh feidhm ag an dlí sin;
- b) in éagmais rialacha den sórt sin, tá feidhm ag dlí an chórais nó an tacar rialacha dlí lena bhfuil an nasc is dlúithe ag an duine fásta.

Airteagal 48

Sa chaidreamh idir na Stáit Chonarhacha, gabhann an Coinbhinsiún seo ionad *Convention concernant l'interdiction et les mesures de protection analogues*, a síníodh sa Háig 17 Iúil 1905.

Airteagal 49

- (1) Ní dhéanann an Coinbhinsiún difear d'aon ionstraim idirnáisiúnta eile ina bhfuil Stáit Chonarhacha ina bPáirtithe agus ina bhfuil forálacha maidir le hábhair a rialaítear leis an gCoinbhinsiún seo, mura ndéanfaidh na Stáit is Páirtithe san ionstraim sin dearbhú dá mhalairt.
- (2) Ní dhéanann an Coinbhinsiún seo difear don fhéidearthacht atá ag Stát Conarthach amháin nó níos mó comhaontuithe a thabhairt i gcrích ina bhfuil, maidir le daoine fásta a bhfuil gnáthchónaí orthu in aon cheann de na Stáit is Páirtithe sna comhaontuithe sin, forálacha maidir le hábhair a rialaítear leis an gCoinbhinsiún seo.
- (3) Ní dhéanfaidh comhaontuithe atá le tabhairt i gcrích ag Stát Conarthach amháin nó níos mó maidir le hábhair a thagann faoi raon feidhme an Choinbhinsiúin seo difear, sa chaidreamh idir na Stáit sin agus Stáit Chonarhacha eile, do chur i bhfeidhm fhorálacha an Choinbhinsiúin seo.
- (4) Baineann na míreanna roimhe seo freisin le dlíthe comhionanna atá bunaithe ar cheangail speisialta de chineál réigiúnach nó de chineál eile idir na Stáit lena mbaineann.

Airteagal 50

- (1) Ní bheidh feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir le bearta ach amháin más i Stát a dhéantar iad tar éis don Choinbhinsiún teacht i bhfeidhm maidir leis an Stát sin.
- (2) Beidh feidhm ag an gCoinbhinsiún maidir le haitheantas agus forfheidhmiú beart a dhéanfar tar éis dó teacht i bhfeidhm idir an Stát ina ndearnadh na bearta agus an Stát iarrtha.
- (3) Beidh feidhm ag an gCoinbhinsiún ón tráth a thiocfaidh sé i bhfeidhm i Stát Conarthach maidir le cumhachtaí ionadaíochta a deonaíodh roimhe sin faoi choinniollacha a chomhfhreagraíonn dóibh sin a leagtar amach in Airteagal 15.

Airteagal 51

- (1) Is sa teanga bhunaidh a bheidh aon chumarsáid a chuirfear chuig an Údarás Lárnach nó chuig údarás eile de chuid Stáit Chonarthaigh, agus beidh aistriúchán go teanga oifigiúil nó go ceann de theangacha oifigiúla an Stáit eile nó, i gcás nach indéanta sin, aistriúchán go Fraincis nó go Béarla, ag gabháil léi.
- (2) Féadfaidh Stát Conarthach, áfach, trí fhorchoimeádas a dhéanamh de réir Airteagal 56, agóid a dhéanamh i gcoinne úsáid Fraincise nó Béarla, ach ní fhéadfaidh sé an dá rud a dhéanamh.

Airteagal 52

Déanfaidh Ard-Rúnaí Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach Coimisiún Speisialta a thionóil go tráthrialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú praiticiúil an Choinbhinsiúin.

CAIBIDIL VII – CLÁSAIL CHRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 53

- (1) Beidh an Coinbhinsiún ar oscailt lena shíniú ag na Stáit a bhí ina gComhaltaí de Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach an 2 Deireadh Fómhair 1999.
- (2) Déanfar é a dhaingniú, a ghlacadh nó a fhorpheas agus taiscfear na hionstraimí daingniúcháin, glactha nó formheasta le hAireacht Gnóthaí Eachtracha Ríocht na hÍsiltíre, taiscí an Choinbhinsiúin.

Airteagal 54

- (1) Féadfaidh aon Stát eile aontú don Choinbhinsiún tar éis dó teacht i bhfeidhm de réir Airteagal 57, mír 1.
- (2) Déanfar an ionstraim aontachais a thaisceadh leis an taiscí.
- (3) Ní bheidh éifeacht leis an aontachas sin ach amháin a mhéid a bhaineann leis an gcaidreamh idir an Stát aontachais agus na Stáit Chonarthacha sin nach mbeidh agóid déanta acu in aghaidh a aontachais sna sé mhí tar éis an fógra dá dtagraítear i bhfomhír *b)* d’Airteagal 59 a fháil. Féadfaidh Stáit agóid den sórt sin a dhéanamh freisin nuair a dhaingneoidh siad an Coinbhinsiún, nuair a ghlacfaidh siad leis nó nuair a fhorpheasfaidh siad é tar éis aontachais. Tabharfar fógra don taiscí maidir le haon agóid den sórt sin.

Airteagal 55

- (1) Má tá dhá aonad chríochacha nó níos mó ag Stát ina bhfuil córais dlí éagsúla is infheidhme maidir le hábhair a ndéileáiltear leo sa Choinbhinsiún sin, féadfaidh sé, an tráth sínithe, daingnithe, glactha, formheasta nó aontachais, a dhearbhu go bhfuil an Coinbhinsiún le leathnú chuig a n-aonaid chríochacha ar fad nó chuig ceann amháin nó níos mó díobh amháin, agus féadfaidh sé an dearbhú sin a mhodhnú trí dhearbhu eile a chur isteach tráth ar bith.
- (2) Beidh fógra le tabhairt faoi aon dearbhú den sórt sin don taiscí agus sonrúidh an fógra sin go sainráite na haonaid chríochacha a bhfuil feidhm ag an gCoinbhinsiún sin maidir leo.
- (3) Mura ndéanfaidh Stát aon dearbhú faoin Airteagal seo, beidh aonaid chríochacha uile an Stáit sin faoi réim an Choinbhinsiúin sin.

Airteagal 56

- (1) Féadfaidh aon Stát, tráth nach déanaí ná tráth an daingnithe, glactha, formheasa nó aontachais, nó tráth dearbhú a dhéanamh i dtéarmaí Airteagal 55, an forchoimeádas dá bhforáiltear in Airteagal 51, mír 2 a dhéanamh. Ní cheadófar aon fhorchoimeádas eile.
- (2) Féadfaidh aon Stát an forchoimeádas a rinne sé a tharraingt siar tráth ar bith. Tabharfar fógra don taiscí maidir leis an tarraingt siar.
- (3) Scoirfidh an forchoimeádas d'éifeacht a bheith aige ar an gcéad lá den tríú mí féilire tar éis an fhógra dá dtagraítear sa mhír roimhe seo.

Airteagal 57

- (1) Tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm an chéad lá den mhí i ndiaidh 3 mhí a bheith caite tar éis an tríú hionstraim dhaingniúcháin, ghlactha nó formheasa dá dtagraítear in Airteagal 53 a thaisceadh.
- (2) Ina dhiaidh sin tiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm —
 - a) maidir le gach Stát a dhaingneoidh, a ghlacfaidh nó a fhormheasfaidh é dá éis sin, an chéad lá den mhí i ndiaidh 3 mhí a bheith caite tar éis a ionstraim dhaingniúcháin, ghlactha, formheasa nó aontachais a thaisceadh;
 - b) maidir le gach Stáit a aontóidh dó, an chéad lá den mhí i ndiaidh 3 mhí a bheith caite tar éis an tréimhse 6 mhí dá bhforáiltear in Airteagal 54, mír 3 a bheith caite;
 - c) maidir le haonad críochach a bhfuil an Coinbhinsiún leathnaithe chuige i gcomhréir le hAirteagal 55, an chéad lá den mhí tar éis 3 mhí a bheith caite tar éis an fógra dá dtagraítear san Airteagal sin a thabhairt.

Airteagal 58

- (1) Féadfaidh Stát is Páirtí sa Choinbhinsiún é a shéanadh trí fhógra i scríbhinn a dhíreofar chuig an taiscí. Féadfar an séanadh a theorannú d'aonaid chríochacha áirithe lena mbaineann an Coinbhinsiún.
- (2) Tiocfaidh an séanadh i bhfeidhm an chéad lá den mhí tar éis 12 mhí a bheith caite tar éis don taiscí an fógra a fháil. I gcás ina sonrúfar san fhógra tréimhse níos faide chun go ngabhfaidh éifeacht leis an séanadh, beidh éifeacht leis an séanadh ar dhul in éag don tréimhse níos faide sin.

Airteagal 59

Tabharfaidh an taiscí fógra do na Stáit is Comhaltaí de Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Priobháideach agus do na Stáit a d'aontaigh dó i gcomhréir le hAirteagal 54 i dtaca leis an méid seo a leanas –

- a) na sínithe, na daingniúcháin, glacadh leis agus an formheas dá dtagraítear in Airteagal 53;
- b) an t-aontachas agus na hagóidí a dhéantar i gcoinne an aontachais dá dtagraítear in Airteagal 54;
- c) an dáta a thiocfaidh an Coinbhinsiún i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 57;
- d) na dearbhuithe dá dtagraítear in Airteagal 32, mír 2, agus Airteagal 55;
- e) na comhaontuithe dá dtagraítear in Airteagal 37;
- f) an forchoimeádas dá dtagraítear in Airteagal 51, mír 2, agus an tarraingt siar dá dtagraítear in Airteagal 56, mír 2;
- g) an séanadh dá dtagraítear in Airteagal 58.

Dá fhianú sin, chuir na Lánchumhachtaigh thíos-sínithe, ar iad a bheith údaraithe go cuí chuige sin, a lámh leis an gCoinbhinsiún seo.

Arna dhéanamh sa Háig, an 13 Eanáir 2000, i mBéarla agus i bhFraincis, agus comhúdarás ag an dá théacs, in aon chóip amháin a thaiscfear i gcartlann Rialtas Ríocht na hÍsiltíre, agus a seolfar cóip dheimhnithe di, trí chainéil taidhleoireachta, chuig gach ceann de na Stáit is Comhaltaí de Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach.